

Glaob ar Léiriú Spéise (gan spriocdháta)

**le haghaidh Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNI) sa Ghníomhaireacht um
Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)**

TAGAIRT: ACER/SNI/2017/OC

1. MAIDIR LINN

Is comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh (“AE”) é an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (dá ngairfear “an Ghníomhaireacht” anseo feasta), a bunaíodh de réir dlí le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 agus atá i bhfeidhm ó bhí 2011 ann. Tá ról lárnach ag an nGníomhaireacht i dtaobh margaí leictreachais agus gáis nádúrtha an AE a léirscaoileadh.

Is é is aidhm leis an nGníomhaireacht cúnaimh a thabhairt d'Údaráis Rialála Náisiúnta (“NRAnna”) chun na tascanna rialála a chuir siad i gcrích sna Ballstáit a chur i ngníomh ar leibhéal an Aontais, agus a gcuid gníomhartha a chomhordú, más gá.

Chuipe sin, déanann an Ghníomhaireacht:

- a) Obair na NRAnna a chomhlánú agus a chomhordú;
- b) Páirt a ghlacadh i rialacha na líonraí Eorpacha a fhorbairt;
- c) Cinntí ceangailteacha aonair a dhéanamh, faoi choinníollacha áirithe, ar théarmaí agus coinníollacha i ndáil le rochtain ar bhonneagar trasteorann agus slándáil oibríochtúil bonneagair thrasteorann; ar an leithdháileadh costais trasteorann do Thionscadail Chomhleasa; agus ar théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i ndáil le cóid líonra a chur chun feidhme;
- d) Comhairle a chur ar na hinstiúidí Eorpacha maidir le ceisteanna a bhaineann le leictreachas agus gáis nádúrtha;
- e) Faireachán a dhéanamh ar na margaí inmheánacha leictreachais agus gáis nádúrtha agus tuairisc a thabhairt ar thorthaí na hoibre sin;
- f) Faireachán a dhéanamh ar thrádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh chun drochúsáid mhargaidh a bhrath agus a dhíspreagadh agus chun sláine agus trédhearcacht na margaí mórdhíola fuinnimh san AE a áirithiú.

Is iad na príomhréimsí ar a bhfuil gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta dírithe:

- tacú le comhtháthú margaidh Eorpach: den chuid is mó, déantar é sin trí rialacha comhchoiteanna líonra agus margaidh a fhorbairt, chomh maith le tionscnaimh réigiúnacha a chomhordú, sin iarrachtaí praiticiúla a dhéanamh rannpháirtithe sa mhargadh chun dul i dtreo tuilleadh comhtháthaithe,
- comhairle a chur ar instiúidí AE maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbonneagar tras-Eorpach fuinnimh: eisíonn an Ghníomhaireacht tuairimí maidir le pleananna forbartha líonra deich mbliana chun a áirithiú go mbíonn siad ag teacht leis na tosaíochtaí arna leagan síos ar leibhéal AE, agus maidir leis na dréachtliostaí de Thionscadail Leasa Choitinn,

- faireachán a dhéanamh ar mhargaí fuinnimh: tá misean ginearálta ag an nGníomhaireacht chun faireachán a dhéanamh ar mhargaí ar leibhéal an AE agus tá freagracht an-sonrach uirthi, ó dheireadh na bliana 2011 i leith, as maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil mhórdhíola fuinnimh.

Tá breis agus 80 ball foirne fostaithe ag an nGníomhaireacht faoi láthair agus tá buiséad ceadaithe EUR 13.3 milliún aici don bhliain 2017. Cúig Roinn inmheánacha atá sa Gníomhaireacht (Leictreachas, Gás, Faireachas agus Iompraíocht sa Mhargadh, Sláine an Mhargaidh agus Trédhearcacht agus Riarachán) mar aon le hOifig an Stiúrthóra. Is féidir cairt eagraíochta na Gníomhaireachta a fháil ag an nasc seo a leanas:

http://www.acer.europa.eu/en/The_agency/Organisation/Pages/ACER-departments.aspx

Tá an Gníomhaireacht lonnaithe i Liúibleána (an tSlóivéin).

2. AN TAIRISCINT

Féadfaidh an Gníomhaireacht poist a thairiscint do Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNI) a bhfuil taithí acu agus atá an-spreagtha, a oibreoidh i dteannta le foireann na Gníomhaireachta.

Tá iasachtaí ag an nGníomhaireacht arna rialú faoi chinneadh ACER AB Uimh. 02/2011 an 3 Márta 2011, *lena leagtar síos na rialacha a bhaineann le saineolaithe náisiúnta a bheith ar iasacht leis an nGníomhaireacht don Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh*. Tá an cinneadh seo ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta](#).

Leanann saineolaí náisiúnta ar iasacht i mbun seirbhíse a sholáthar dá fhostóir. Níl iasacht comhionann le fostaíocht, ná ní chruthaítear fostaíocht sa Gníomhaireacht mar thoradh ar iasacht

Leagtar amach na poist do SNInna atá ar fáil sa Gníomhaireacht de réir na bpróifílí in Iarscríbhinn I.

3. CÁILÍOCHTAÍ

A. Critéir Incháilitheachta

Ba cheart go mbeadh na critéir riachtanacha seo a leanas á gcomhlíonadh ag an iarrthóir:

1. A bheith fostaithe ag riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil¹ nó ag Eagraíocht Idir-rialtasach (IGO).²
2. Leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le diplóma;
3. Trí bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil, ábhartha do gach próifíl mar atá fógartha;

¹ Ciallaíonn riarachán poiblí gach seirbhís riaracháin Stáit, ag leibhéal lánach, cónaidhmeach agus réigiúnach, ina gcuimsítear aireachtaí, seirbhísí rialtais agus parlaiminte, na cúirteanna, bainc cheannais, agus seirbhísí riaracháin údaráis áitiúla, mar aon le seirbhísí riaracháin díláraithe an Stáit agus údaráis eile den sórt sin. Chun na críche céanna, áirítear i riarachán poiblí chomh maith na húdaráis rialála dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2009/72/CE agus Airteagal 39 de Threoir 2009/73/CE.

² Féadfaidh Stiúrthóir ACER, de réir an cháis, iasacht SNI ó fhostóir seachas riarachán poiblí Stáit nó IGO, a údarú i gcomhréir le hAirteagal 2.3 de chinneadh AB Uimh. 02/2011 an 3 Márta 2011.

4. 12 mhí ar a laghad roimh thréimhse na hiasachta a bheith caite ag obair dá fhostóir ar bhonn buan nó ar bhonn conartha; leanfaidh an SNI i mbun seirbhíse don fhostóir sin i rith thréimhse na hiasachta;

B. Critéir Roghnúcháin

5. Cáilíocht agus taithí oibre mar atá fógartha i ngach próifíl dhifriúil;
6. Scileanna scríofa agus cumarsáide béil den scoth;
7. An cumas a bheith ag obair mar fhoireann agus faoi bhrú.

C. Eolas ar theangacha

Ní mór do SNIIna fianaise a thabhairt go bhfuil eolas cuimsitheach acu ar an mBéarla (leibhéal C2 más féidir³) agus eolas sásúil (leibhéal B2) ar theanga Chomhphobail eile a mhéad is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh⁴.

4. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Féadfaidh iarrthóirí ar spéis leo iarratas a dhéanamh ar aon cheann de na próifílí atá fógartha in Iarscríbhinn I. Déanfar na hiarratais a fhaightear a mheas go rialta.

Féadfar post mar SNI a thairiscint de réir riachtanais na Gníomhaireachta agus buiséad a bheith ar fáil: tabharfar éifeacht don iasacht trí litreacha a mhalairt idir Stiúrthóir ACER agus fostóir an SNI.

5. COMHDHEISEANNA

Cuireann an Gníomhaireacht beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sí agus caitheann sí le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

6. COINNÍOLLACHA IASACHTA

Leanann SNIIna i mbun seirbhíse dá bhfostóir agus, dá bhrí sin, leanfaidh an fostóir lena dtuarastal a íoc i rith thréimhse na hiasachta. Beidh SNIIna i dteideal, i rith thréimhse na hiasachta, liúntas cothaithe laethúil agus liúntas cothaithe míosúil, de réir an achair idir a n-áit tionscnaimh agus áit na hiasachta, agus mar atá arna rialú i gCaibidil III de chinneadh ACER AB Uimh. 02/2011 an 3 Márta 2011.

³ De réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, atá ar fáil ag <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/>

⁴ Is iad seo teangacha an AE: Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Francis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis agus Sualainnis.

7. COSAINT SONRAÍ

Ní sheolfar ar ais chuig na hiarratasóirí na hiarratais ar SNInna, agus coimeádfaidh an Ghníomhaireacht ar comhad iad.

Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuireann iarrthóirí isteach a phróiseáil ná a n-iarrata(i)s a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus earcú féideartha a dhéanamh sa Ghníomhaireacht. Tá rochtain ag pearsana údaraithe de chuid na Gníomhaireachta ar shonraí pearsanta agus is iadsan a phróiseálann na sonraí sin. I gcásanna áirithe, cabhróidh saineolaí seachtrach, a bheidh faoi cheangal na bprionsabal céanna maidir le cosaint sonraí, leis an nGníomhaireacht chun iarrthóirí a roghnú.

Cloíonn an Ghníomhaireacht le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE, agus is faoin Rialachán sin a rialáiltear í.

Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (<http://www.edps.europa.eu>) a dhéanann maoirseacht ar an nGníomhaireacht. Má bhíonn aon cheisteanna breise ag iarrthóirí, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh seo: DPO@acer.europa.eu. Iarrtar ar iarrthóirí dul i muinín an ráitis príobháideachais ina mínítear conas a phróiseálann an Ghníomhaireacht sonraí pearsanta i dtaca le hearcaíocht agus roghnúcháin; tá fáil ar an ráiteas príobháideachais sin ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

8. NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Chun iarratas bailí a dhéanamh, ní mór d'Iarratasóirí na nithe seo a chur isteach:

- *Curriculum vitae* mionsonraithe i bhformáid CV Eorpach, i mBéarla;
- Litir inspreagtha (uasmhéid leathanach amháin) i mBéarla ina mínítear na poist inar shealbhaigh siad a gcuid eolais agus a dtaithe ghairmiúil;
- Dearbhú ar bhriathar líonta go cuí, lena n-áireofar an deimhniú tacaíochta ón riarachán tionscnaimh.

Ba cheart iarratais a sheoladh i mBéarla agus trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo a leanas: selection-sne@acer.europa.eu, agus uimhir thagartha an ghlaio seo ar léiriú spéise á lua in ábhar na teachtaireachta.

Chun an próiseas roghnúcháin seo a éascú, is i mBéarla a sheolfar gach teachtaireacht chuig iarratasóirí maidir leis an bhfolúntas seo.

Tá an glao seo ar léiriú spéise neamhiata. Níl aon spriocdháta i bhfeidhm le hiarratais a chur isteach.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta go bhfuil aon chuid den fhaisnéis a thug iarratasóir mícheart, dícháileofar an t-iarratasóir i gceist.

Iarscríbhinn I – ACER/SNE/2017/OC

PRÓIFÍL A - REMIT Tuairisciú beartas, idirbheart agus sonraí bunúsacha

- (a) Cur le hullmhú threoir ACER ar nithe a bhaineann le Beartas REMIT agus/nó cur le tuairisciú táirgí mórdhíola fuinnimh agus sonraí bunúsacha chuig Córas Faisnéise REMIT na Gníomhaireachta;
- (b) Cur leis an measúnú ar agus le hullmhú moltaí a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis na gníomhartha tarmhligthe agus gníomhartha cur chun feidhme faoi REMIT, cur le measúnú agus ullmhú na treorach maidir le cur i bhfeidhm REMIT in Údaráis Rialála Náisiúnta de réir Airteagal 16(1) de REMIT, cur le hullmhú tuarascálacha bliantúla le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh de réir Airteagal 7(3) de REMIT agus cur le saincheistanna dlí eile agus/nó saincheistanna beartais a bhaineann le REMIT;
- (c) Cumarsáid agus idirghníomhaíocht le hÚdaráis Rialála Náisiúnta (NRAnna) agus leis na geallsealbhóirí seo a leanas: Sásraí Tuairiscithe Cláraithe, margáí eagraithe, cumann rannpháirtithe an mhargaidh fuinnimh, ENTO-G, ENTSO-E, GIE agus aon pháirtí tuairiscithe eile;
- (d) Freagracht as nó cur le forghníomhú tascanna cosúla eile, a shannfaidh an Ceann Roinne agus/nó an Stiúrthóir.

CÁILÍOCHTAÍ INMHIANAITHE:

- (a) Céim san Eacnamaíocht, Innealtóireacht nó a macasamhail;

PRÓIFÍL B - Anailísiú sonraí

- (a) Cur le forbairt modhanna anailísithe sonraí na Gníomhaireachta;
- (b) Modhanna anailísithe cáilíochtaí sonraí a dhearadh agus a fhorbairt;
- (c) Feidhmchláir anailíseacha a chódú agus a fhorbairt agus úsáid á baint as bogearraí coiteanna anailíseacha agus staitistiúla (Excel, R, teanga ríomhchlárúcháin Alice);
- (d) Faoi mhaoirseacht, doiciméid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí thuasluaite a dhréachtú;
- (e) Freagracht as nó cur le forghníomhú tascanna cosúla eile, a shannfaidh an Ceann Roinne agus/nó an Stiúrthóir.

CÁILÍOCHTAÍ INMHIANAITHE:

- (a) Céim san Eacnamaíocht, Innealtóireacht nó a macasamhail;
- (b) Scileanna maithe anailíseacha agus taithí shuntasach i mbainistiú agus anailísiú sonraí.

PRÓIFÍL C – Cóid Ghréasáin maidir le Gás

- (a) Oibriú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le Faireachas ar Chur Chun Feidhme na gCód Gréasáin (tuarascálacha, tuairimí réasúnaithe, abhcóideacht);
- (b) Tacaíocht a thabhairt d'fhoireann na gCód Gréasáin i ndáil le gníomhaíochtaí tuairiscithe eile amhail tuairisc agus anailís a dhéanamh ar acmhainní coinníollacha, an próiseas incriminteach a chur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis chomhairliúcháin náisiúnta taraifí, taraifí a chur i bhfeidhm;
- (c) Cuidiú le gníomhaíochtaí a bhaineann le faireachán ar mhargaí gáis, i gcomhréir le freagrachtaí na Gníomhaireachta sa réimse seo, lena n-áirítear na táscairí éifeachtaí na gCód Gréasáin a ríomh, a fhorbairt agus a bheachtú;
- (d) Tascfhórsaí ábhartha na Gníomhaireachta a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh de réir mar a iarrfaidh Ceann Foirne de chuid na Roinne Gáis nó Ceann na Roinne Gáis;
- (e) Tacaíocht a thabhairt d'fhoireann na gCód Gréasáin chun tascanna eile a chur i gcrích, de réir mar a iarrfar, mar shampla chun a ngníomhaíochtaí a phleanáil;
- (f) Freagracht as tascanna cosúla eile a chur i ngníomh, nó cabhrú leis sin, de réir mar a shannfaidh Ceann na Roinne agus/nó an Stiúrthóir.

CÁILÍOCHTAÍ INMHIANAITHÉ:

- (a) Céim san Eacnamaíocht, san Innealtóireacht nó a macasamhail;
- (b) Bheith tar éis oibriú d'Údarás Rialála Náisiúnta sa réimse fuinnimh ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh an iasacht;
- (c) Taithí phroifisiúnta 5 bliana ar a laghad.

PRÓIFÍL D – Leictreachas

- (a) Cuidiú le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta maidir le glacadh leis na téarmaí agus na coinníollacha nó na modheolaíochtaí a bunaíodh de bhun na rialachán seo a leanas:
 - Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais;
 - Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú;
 - Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais;
- (b) Cuidiú le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta maidir le faireachas ar chur chun feidhme na gCód Gréasáin agus na dTreoirlínte;
- (c) Cuidiú le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta maidir le lárionaid oibríochta réigiúnacha a bhunú, mar aon le faireachas agus anailís a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht faoi mar a thuairiscítear in Airteagal 43 de [an Rialachán athmhúnlaithé (CE) Uimh. 714/2009 maidir le Leictreachas arna mholadh faoin togra COM(2016) 861/2] agus Airteagal 8 de [an Rialachán athmhúnlaithé (CE) Uimh. 713/2009 maidir le Leictreachas arna mholadh faoin togra COM(2016) 863/2];
- (d) Cuidiú le Creat-Treoirlínte, Cóid Ghréasáin agus Treoirlínte a fhorbairt i réimsí (m) go (p) atá liostaithe in Airteagal 55 de [an Rialachán athmhúnlaithé (CE) Uimh. 714/2009 maidir le Leictreachas arna mholadh faoin togra COM(2016) 861/2]. Áirítear sna réimsí sin: rialacha maidir le foráil neamh-idirdhealaitheach thrédhearcach a dhéanamh do sheirbhísí coimhdeacha neamh-mhnicíochta, lena n-áirítear rialú voltais foistine, taimhe, instealltaí srutha frithghíomhacha tapa, acmhainn athshlánaithe i

ndiaidh múchta; freagairt don éileamh, lena n-áirítear rialacha maidir le comhiomlánú, stóráil fuinnimh agus ciorrú éilimh; rialacha cibearshlándaála; agus rialacha a bhaineann le lárionad oibríochta réigiúnacha.

CÁILÍOCHTAÍ INMHIANAITHÉ:

- (a) Céim san Eacnamaíocht, san Innealtóireacht nó a macasamhail;
- (b) Taithí phroifisiúnta 3 bliana ar a laghad a bhaineann leis na cúraimí arna sainmhíniú sa phróifíl.

PRÓIFÍL E – Faireachas ar Mhargáí Mórdhíola Fuinnimh

- (a) Cuidiú le modhanna agus uirlisí faireachais na Gníomhaíochta a fhorbairt;
- (b) Cuidiú le samhlacha monatóireachta a dhearadh agus a chur chun feidhme;
- (c) Cuidiú le sonraí REMIT (Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh) a scagadh d'fhonn iompraíocht amhrasach sa mhargadh a bhrath;
- (d) Doiciméid a dhréachtú a bhaineann leis na gníomhaíochtaí thuasluaite;
- (e) Freagracht as tascanna cosúla eile a chur i ngníomh, nó cabhrú leis sin, de réir mar a shannfaidh Ceannt na Roinne agus/nó an Stiúrthóir.

CÁILÍOCHTAÍ INMHIANAITHÉ:

- (a) Céim san Eacnamaíocht, san Innealtóireacht, sa Mhatamaitic nó sa Ríomheolaíocht;
- (b) Scileanna maithe anailíse agus taithí ar úsáid a bhaint as uirlisí bogearraí i dtaca le faireachas;
- (c) Eolas ar mhargáí agus/nó ar tháirgí mórdhíola fuinnimh;
- (d) Ba bhuntáiste é taithí ar ríomhchlárúchán le pacáiste bhogearraí staidrimh amháin ar a laghad.

PRÓIFÍL F – Riarthóir/Forbróir Sharepoint

- (a) Riarachán agus tacaíocht i ndáil le bonneagar agus seirbhís fhreastalaithe Sharepoint ar bhonn laethúil;
- (b) Freastalaithe Sharepoint a chothabháil agus a uasghrádú;
- (c) Sreafaí oibre Sharepoint a dhearadh agus a chothabháil;
- (d) Foirmeacha a dhearadh agus a chothabháil trí úsáid a bhaint as Sharepoint Designer agus InfoPath;
- (e) Bonneagar fhreastalaithe Windows a riar agus a chothabháil;
- (f) Freagracht as tascanna cosúla eile a chur i ngníomh, nó cabhrú leis sin, de réir mar a shannfaidh Ceannt na Roinne agus/nó an Stiúrthóir.

CÁILÍOCHTAÍ INMHIANAITHÉ:

- (a) Céim sna Córais Faisnéise, san Innealtóireacht nó a macasamhail;
- (b) Scileanna maithe TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) — córais Windows, SharePoint Server, líonrú, MS SQL.

DEARBHÚ AR BHRIATHAR

Tugaimse, an duine thíos-sínithe,

SLOINNE :

CÉADAINM(NEACHA):

DÁTA AGUS ÁIT BHREITHE :

NÁISIÚNTAUGHT :

DEARBHÚ

- Go bhfuil mé fostaithe ag riarachán poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil nó ag Eagraíocht Idir-rialtasach (IGO)¹;
- Go bhfuil leibhéal oideachais agam arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile, fianaithe le dioplóma;
- Go bhfuil trí bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil agam, ábhartha do gach próifíl fógartha in Iarscríbhinn I (Tag. _____);
- Go bhfuil mé tar éis a bheith ag obair do m'fhostóir ar bhonn buan nó ar bhonn conartha ar feadh 12 mhí ar a laghad (roimh dhul ar iasacht);
- Go dtacaíonn m'fhostóir le m'iarrthóireacht (leanfaidh m'fhostóir ar aghaidh le mo thuarastal a íoc, coimeádfar mo stádas riaracháin i rith thréimhse na hiasachta agus leanfaidh sé de bheith freagrach as mo chearta sóisialta a bhaineann le fostaíocht, go háirithe slándáil shóisialta agus pinsean)

Áit:

Dáta:

Síniú:

¹ Ciallaíonn riarachán poiblí gach seirbhís riaracháin Stáit, ag leibhéal lánach, cónaidhmeach agus réigiúnach, ina gcuimsítear aireachtaí, seirbhísí rialtais agus parlaiminte, na cúirteanna, bainc cheannais, agus seirbhísí riaracháin údarais áitiúla, mar aon le seirbhísí riaracháin dfláraithe an Stáit agus údarais eile den sórt sin. Chun na críche céanna, áirítear i riarachán poiblí chomh maith na húdarais rialála dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2009/72/CE agus Airteagal 39 de Threoir 2009/73/CE.